Nótaí don Dalta: Cruthú Cluichí

- Amharc ar na samplaí de chluichí a thug an múinteoir duit agus déan iad a imirt. Labhair ar an rud atá an príomhcharachtar i ngach cluiche a dhéanamh. Faigh amach cad é mar a scórálann tú pointí nó mar a bhaineann an cluiche.

- Úsáid do bhogearraí cruthú cluichí le comhad cluiche nua a dhéanamh.

- Roghnaigh an cúlra agus sprid(eanna) ar bith ba mhaith leat a úsáid i do chluiche.

- Is féidir leat cuma na spride(anna) a roghnaíonn tú a athrú.

- Úsáid uirlisí agus gnéithe na mbogearraí cruthú cluichí le cuma agus gluaiseacht do spride(anna) a rialú.

- Smaoinigh ar roinnt fuaime a chur le do chluiche.

- Úsáid comhadainm le do chluiche a shábháil, comhadainm a chuideoidh leat féin agus le daoine eile é a aithint.

- Iarr ar pháirtí ranga do chluiche a imirt. Labhair ar na rudaí a oibríonn go maith agus ar na rudaí a d'fhéadfá a fheabhsú.

Nótaí don Dalta: Cruthú Cluichí

- Amharc ar na samplaí de chluichí a thug an múinteoir duit agus déan iad a imirt agus/nó mol samplaí de do chuid féin. Labhair ar an rud atá an príomhcharachtar i ngach cluiche a dhéanamh. Faigh amach cad é mar a scórálann tú pointí nó mar a bhaineann an cluiche.

- Cruthaigh plean de do chluiche ina bhfuil cúlraí, sprideanna agus fuaimeanna ba mhaith leat a úsáid. Is féidir leat eagarthóireacht a dhéanamh ar na cúlraí agus na sprideanna a roghnaigh tú más maith leat. Agus pleanáil á déanamh, cuir an lucht éisteachta agus an cuspóir atá agat san áireamh.

- Úsáid do bhogearraí cruthú cluiche le comhad cluiche nua a dhéanamh.

- Iompórtáil na cúlraí, na sprideanna agus na fuaimeanna a chuir tú isteach i do phlean.

- Úsáid uirlisí agus gnéithe do bhogearraí cruthú cluiche le cuma, gluaiseacht agus fuaim do chluiche a rialú le go mbeidh sé tarraingteach ag do lucht éisteachta.

- Úsáid comhadainm le do chluiche a shábháil, comhadainm a chuideoidh leat féin agus le daoine eile é a aithint.

- Iarr ar pháirtí ranga do chluiche a imirt. Labhair ar na rudaí a oibríonn go maith agus ar na rudaí a d'fhéadfá a fheabhsú.

Nótaí don Dalta: Cruthú Cluichí

- Faigh samplaí de chluichí digiteacha agus déan athbhreithniú orthu. Sainaithin na príomhthréithe a dhéanann éifeachtach iad. Déan nóta den taighde seo i do dhialann tionscadail.
- Déan plean de do chluiche, ina bhfuil córas scórála, critéir le haghaidh bua, carachtair, eachtraí, dearadh agus an líon leibhéal. Cuir san áireamh chomh furasta agus chomh pléisiúrtha a bheidh an cluiche ag daoine. Úsáid an teanga a bhaineann le cruthú cluiche le tacú le do phleanáil.
- Smaoinigh ar an lucht éisteachta agus ar an chuspóir i rith an ama le linn duit bheith ag pleanáil dhearadh do chluiche. Coinnigh cuimhne treoir shimplí úsáideora a chruthú (an dóigh leis an chluiche a imirt) agus cuir sin isteach i do tháirge críochnaithe.
- Scriobh treoracha i ngnáth-Ghaeilge (súdachód) le haghaidh chód do chluiche.
- Déan nó bailigh sprideanna, íomhánna nó fuaimeanna ar bith (sócmhainní) a chuir tú isteach i do chuid pleanála.
- Úsáid na bogearraí cruthú cluiche le do chluiche a chruthú, bunaithe ar do shúdachód agus ag úsáid na sócmhainní atá roghnaithe agat.
- Nuair atá an bunstruchtúr atá ag do chluiche cruthaithe agat, bain triail as réimse de ghnéithe agus d'uirlisí na mbogearraí leis an éifeacht a chruthú atá tú a iarraidh.
- Déan tástáil agus athbhreithniú ar do chluiche le páirtí ranga. Seiceáil an bhfuil gach rud mar a bhí beartaithe agat. Déan athruithe ar bith a chuirfidh feabhas ar do tháirge .
- Úsáid comhadainm ábhartha le do chluiche a shábháil agus easpórtáil i bhformáid chuí é a mbeidh daoine eile ábalta úsáid a bhaint as.
- Déan tagairt do do chuid nótaí taighde i do dhialann tionscadail. Déan nóta de dhá phríomhghné ar a laghad a fhágann go bhfuil do chluiche críochnaithe éifeachtach don lucht éisteachta agus don chuspóir dá ndearnadh é.
- Smaoinigh ar na gnéithe agus ar na tréithe i do chluiche a gcuirfeá feabhas orthu dá mbeifeá ag dearadh an táirge arís. Déan taifead de do chuid smaointe i do dhialann tionscadail.
- Glac gabháil scáileáin de do chomhad, oscail é sna bogearraí a d'úsáid tú lena chruthú (formáid chomhad dúchais). Cuir sin ag deireadh do dhialainne tionscadail.

Nótaí don Dalta: Cruthú Cluichí

- Faigh samplaí de chluichí digiteacha agus déan athbhreithniú orthu. Sainaithin na príomhthréithe a dhéanann éifeachtach iad. Socraigh cé acu de na tréithe seo atá ábhartha don tionscadal agat.

  Cosain an fáth a bhfuil rún agat iad a chur isteach i do chluiche. Déan nóta den chosaint seo i do dhialann tionscadail.

- Cruthaigh plean don chluiche agat ina bhfuil córas scórála, critéir le haghaidh bua, carachtair, eachtraí, dearadh agus an líon leibhéal. Cuir san áireamh chomh furasta agus chomh pléisiúrtha a bheidh an cluiche ag daoine. Úsáid an teanga a bhaineann le cruthú cluiche le tacú le do phleanáil. Coinnigh cuimhne treoir shimplí úsáideora a chruthú (an dóigh leis an chluiche a imirt) agus cuir sin isteach i do tháirge críochnaithe.

- Agus an dearadh á phleanáil agat smaoinigh ar na riachtanais atá ag an lucht éisteachta ar leith atá agat. Déan nóta díobh seo mar chuspóirí do do tháirge deiridh i do dhialann tionscadail. Déan tagairt do do chuid nótaí le linn duit bheith ag dearadh lena chinntiú go bhfuil tú ag comhlíonadh na gcuspóirí seo.

- Tóg do chluiche, bunaithe ar do shúdachód ag úsáid na sócmhainní atá roghnaithe agat.

- Bain triail as réimse d'uirlisí agus de ghnéithe na mbogearraí cruthú cluiche leis an éifeacht a chruthú atá tú a iarraidh, bunaithe ar do chuid pleanála agus ar do chuid taighde tosaigh.

- Cinntigh go bhfuil na comhaid a d'úsáid tú le do dhearadh a dhéanamh slachtmhar. Scrios comhaid mhóra ar bith nach bhfuil de dhíth níos mó. Sábháil do chuid oibre ag pointí tábhachtacha agus déan cóip le nach gcaillfear leaganacha rathúla.

- Déan tástáil agus athbhreithniú ar do chluiche le páirtí ranga. Déan nóta i do dhialann tionscadail de réimsí ar bith a bhféadfá níos mó forbartha a dhéanamh orthu. Déan athruithe nuair is cuí. Déan an próiséas athbhreithnithe seo arís go dtí go bhfuil do dhearadh deiridh chomh cóngarach agus is féidir don chéad intinn a bhí agat agus tú ag cur do chuid cuspóirí san áireamh.

- Úsáid comhadainmneacha ábhartha le do chluiche a shábháil agus easpórtáil é i bhformaidí a mbeidh daoine eile ábalta úsáid a bhaint astu.

- Nuair atá an dearadh cluiche críochnaithe agat, déan nóta de dhá phríomhghné ar a laghad a fhágann go bhfuil do chluiche éifeachtach don lucht éisteachta agus don chuspóir dá ndearnadh é. Déan taifead de chuspóirí ar bith nach bhfuil do chluiche á gcomhlíonadh go hiomlán.

- Smaoinigh ar na gnéithe agus ar na tréithe a gcuirfeá feabhas orthu dá mbeifeá ag déanamh an chluiche arís. Déan taifead de seo i do dhialann tionscadail.

- Glac gabháil scáileáin de do chomhad, oscail é sna bogearraí a d'úsáid tú lena chruthú (formáid chomhad dúchais). Cuir sin ag deireadh do dhialainne tionscadail.